| Preasráiteas<br>Press Release<br><br>22.05.2025 | Tuilleadh eolais:<br><br>gaeilgeiorrais@gmail.com<br>097-29023 | *Leagan Béarla ar lch. 3<br><br>English summary on pg 3. |
|---|---|---|

## *'1, 2, Spraoi!'*: Scéalta Nuachumtha i gcló ag daltaí na hEachléime

Déanann Gaeilge Iorrais comhghairdeas ó chroí leis an 21 dalta as rang 4, rang 5 agus rang 6 i Scoil Bhreandáin, Eachléim a ghlac páirt sa chomhthogra '1, 2, Spraoi!.' Is comhthogra é '1, 2, Spraoi!' idir *Fighting Words*, Roinn na Matamaitice in Institiúid an Oideachais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) le tacaíocht ón gComhairle Mhúinteoireachta, Roinn na Gaeltachta agus Gaeilge Iorrais. Ceanglaíonn an togra nuálach seo an t-oideachas matamaitice leis an scéalaíocht chruthaitheach i nGaeilge do pháistí bunscoile.

Bhí deis ag daltaí Scoil Bhreandáin, Eachléim ocht ngearrscéal a chumadh as an nua agus iad ag obair i ngrúpaí beaga faoi stiúir áisitheoirí ó *Fighting Words* agus COGG. Tá coincheapa matamaitice mar bhunús leis na scéalta ar fad. Fiosraíonn scéalta na ndaltaí ceisteanna den chineál seo a leanas: cén chaoi is fearr dúshlán matamaitice a shárú chun teacht ar thaisce, chun fad rása a oibriú amach nó chun éalú ó chaisleán draíochta? Céard a tharlaíonn mura dtomhaiseann tú na comhábhair i gceart agus tú ag bácáil? Céard a thiteann amach ar domhan na gcruthanna, ar phláinéad na gcodán agus ar phláinéad na siméadrachta? Tá éacht déanta ag scríbhneoirí óga cumasacha na hEachléime leis na scéalta bríomhara lán le samhlaíocht, le mata agus le spraoi atá cruthaithe acu. Tá torthaí a gcuid oibre agus samhlaíochta i gcló anois agus leabhar '1,2 Spraoi' (2025) seolta go hoifigiúil ag Aire na Gaeltachta, Dara Calleary, in Institiúid an Oideachais DCU le gairid. Rinneadh ceiliúradh ar chruthaitheacht, ar inniúlacht agus ar spleodar na ndaltaí go léir ag an ócáid speisialta seo.

Is cnuasach de scéalta matamaitice é '1,2 Spraoi!' (2025) a scríobh daltaí ní hamháin ó Scoil Bhreandáin, Eachléim (Iorras, Maigh Eo) ach ó Ghaelscoil Bharra (Cabrach, BÁC) agus ó Scoil na Maighdine Muire Gan Smál, Camus (Conamara, Gaillimh), mar chuid de shraith ceardlann a reáchtáil *Fighting Words* leofa faoi threoir Institiúid an Oideachais DCU agus an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.


Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.

Thug '1, 2, Spraoi!' deis agus spreagadh den scoth do dhaltaí Scoil Bhreandáin, Eachléim tabhairt faoin scríbhneoireacht chruthaitheach i gcomhluadar a chéile ar bhealach úrnua agus a gcuid scileanna matamaitice, scéalaíochta, cumarsáide, scríbhneoireachta agus comhoibrithe a chleachtadh agus a fhorbairt ag an am céanna. Mhúscail '1, 2, Spraoi!' samhlaíocht na ndaltaí agus a n-ábaltacht chun rud spraíúil a chruthú as a bhfoghlaim.

Seo mar a dúirt Nóra Nic Con Ultaigh (an stiúrthóir oideachais le *Fighting Words*) faoin togra;

> An aidhm atá leis na togra scéalaíochta matamaitice seo ná deis a thabhairt do dhaltaí smaoineamh go matamaiticiúil trí mheán na scríbhneoireachta cruthaithí. Spreagann an cur chuige cruthaitheach, spraíúil seo comhrá mata sa seomra ranga agus tugann sé úinéireacht do dhaltaí ar an bpróiséas foghlama ar bhealach a thagann le cur chuige an Churaclaim Mata nua.

Chuir Ferdia Ó Mongáin (príomhoide, Scoil Bhreandáin, Eachléim) leis an méid sin;

> Tá muid thar a bheith sásta go raibh deis againn a bheith páirteach sa togra iontach seo. Bhain daltaí ár scoile an-taitneamh as na ceardlanna, as na scéalta úra a chruthú le chéile agus as an deis dul chuig DCU don seoladh mór. Thug an togra seo deis dóibh machnamh a dhéanamh ar an matamaitic ar bhealach eile. Chuidigh an togra leis na daltaí an mata a nascadh leis na spéiseanna agus na suimeanna atá acu féin agus leis an ról lárnach atá ag an mata ina saol laethúil a thuiscint níos fearr.

Seo mar a dúirt Laoise Ní Dhúda (Gaeilge Iorrais) faoin togra;

> Seo an dara huair go bhfuil daltaí ó Scoil Bhreandáin, Eachléim páirteach i dtogra le *Fighting Words*. Nach iontach iad! Scríobh siad scéal mar chuid den togra 'Scaip an Scéal' (2024) i gcomhar le bunscoileanna Gaeltachta eile sa cheantar seo anuraidh. Tá súil againn go mbainfidh idir óg agus aosta sult as na scéalta nuachumtha seo a léamh agus go spreagfaidh an taithí dhearfach seo na daltaí le coinneáil leis an scéalaíocht, leis an gcumadóireacht, leis an léitheoireacht, agus leis an gcomhoibriú le chéile trí mheán na Gaeilge. Comhghairdeas ó chroí libh arís.

Ba mhaith le Gaeilge Iorrais buíochas faoi leith a ghabháil leis na daoine seo a leanas a chuidigh le '1, 2, Spraoi!' a chur i gcrích i nGaeltacht Iorrais;

- Bríd-Treasa Wyndham (Comhordaitheoir na gClár Gaeilge le *Fighting Words*) agus Tríona Nic Fhinn (COGG) as a gcuid tacaíochta leis an togra seo agus as ceardlanna bríomhara a éascú i measc na ndaltaí;
- Baill foirne na scoile: Ferdia Ó Mongáin, Bríd Nic Thomáis agus Erica Nic Suibhne;
- An Dr Laoise Ní Dhúda agus Éimear Ní Ghallachóir (Gaeilge Iorrais) a thug faoin bprofáil agus eagarthóireacht ar na scéalta.

Is féidir breathnú ar leagan leictreonach den leabhar álainn nua '1, 2, Spraoi!' (2025) ag https://www.fightingwords.ie/publications/1-2-spraoi-2025

## ‘1,2, Spraoi!’ a new collection of short stories from Eachléim primary school students

Gaeilge Iorrais would like to extend heartfelt congratulations to each of the 21 students from 4th, 5th and 6th class in Scoil Bhreandáin, Eachléim that took part in the collaborative storytelling initiative trí mheán na Gaeilge entitled '1, 2, Spraoi!' '1, 2, Spraoi!' is a joint project between *Fighting Words*, the Department of Mathematics in the Institute of Education, Dublin City University, an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG), with support from the Teaching Council, Department of the Gaeltacht and Gaeilge Iorrais. This innovative creative writing project combines mathematics education with storytelling in Irish for primary school children. The students create a scéal from scratch, drawing on their maths knowledge.

Students from Scoil Bhreandáin, Eachléim created eight short stories in total, working in small groups under the guidance of facilitators from *Fighting Words* and COGG. All of their stories are based on mathematical concepts. The students' stories explore questions such as: how best to overcome a mathematical challenge to find a treasure, to work out the distance of a race or to escape from a magical castle? What happens if you don't measure all of the ingredients correctly when baking? What happens in the world of shapes, on the planet of fractions, or in the land of symmetry?

These talented young writers from Eachléim have written stories full of imagination, maths and adventure. The results of their work are now in print since the '1,2 Spraoi' (2025) book was officially launched by Minister for the Gaeltacht, Dara Calleary, at the DCU Institute of Education recently. The creativity, talent and vivacity of all the students was celebrated at this special event.

'1,2 Spraoi!' (2025) is a collection of maths stories written by students not only from Scoil Bhreandáin, Eachléim (Erris, Mayo) but also from Gaelscoil Bharra (Cabra, Dublin) and Scoil na Maighdine Muire Gan Smál, Camus (Connemara, Galway), as part of a series of workshops run by *Fighting Words* under the guidance of the DCU Institute of Education and COGG.

'1, 2, Spraoi!' provided an excellent opportunity for the students of Scoil Bhreandáin, Eachléim to engage in creative writing in a fun new way, while simultaneously practicing and developing their maths, storytelling, communication, writing and collaboration skills trí mheán na Gaeilge. '1, 2, Spraoi!' sparked the students' imagination and also their ability to create something fun out of their learning.

This is what Nóra Nic Con Ultaigh (the educational director at *Fighting Words*) said about the project;

> The aim of this storytelling project is to give students the opportunity to think mathematically through creative writing. This creative, fun approach encourages maths conversation in the classroom and gives students ownership of the learning process in a way that aligns with the approach of the new Maths Curriculum.

Ferdia Ó Mongáin (principal, Scoil Bhreandáin, Eachléim) added to this;

> We are delighted to have had the opportunity to be part of this wonderful project. The students from our school really enjoyed the workshops, creating new stories together and the opportunity to go to DCU for the book launch. This project gave them the opportunity to think about mathematics in a different way. The project helped the students to connect maths with their own interests and passions and to further understand the central role that maths plays in their daily lives.

This is what Laoise Ní Dhúda (Gaeilge Iorrais) said about the project;

> This is the second time that students from Scoil Bhreandáin, Eachléim have participated in a project with *Fighting Words*. Nach iontach iad! They also wrote a story as part of the 'Scaip an Scéal' (2024) project in collaboration with other Gaeltacht Iorrais primary schools last year. We hope that both young and old will enjoy reading these newly created stories and that this positive experience will encourage the students to continue with storytelling, composition, reading, and collaboration together through the medium of Irish. Comhghairdeas ó chroí libh arís.

Gaeilge Iorrais would like to extend a special thank you to the following people who helped to successfully bring '1, 2, Spraoi!' to completion in Gaeltacht Iorrais;

- Bríd-Treasa Wyndham (*Fighting Words* Irish Language Programme Coordinator) and Tríona Nic Fhinn (COGG) for their support with this project and for facilitating wonderful workshops among the students;
- School staff members: Ferdia Ó Mongáin, Bríd Nic Thomáis and Erica Nic Suibhne;
- Dr Laoise Ní Dhúda and Éimear Ní Ghallachóir (Gaeilge Iorrais) for proofreading and editing the stories.

An electronic version of the beautiful new book '1, 2, Spraoi!' (2025) can be viewed at https://www.fightingwords.ie/publications/1-2-spraoi-2025